

Cruinnithe Ginearálta Scairshealbhóirí

- A. Cruinniú Ginearálta Speisialta:** bunreacht nua don Chomharchumann - sonraí thíos.
B. Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2016: sonraí thíos

Dáta: Dé Máirt 25 Aibreán 2017 ag 18:30 (6.30 i.n)

Ionad: Foras na Gaelge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

P T Mac Ruairí | Rúnaí

Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta | Raidió na Life

A. Cruinniú Ginearálta Speisialta

Bunreacht nua ag Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta ag cealú na rialacha reatha.

" Molann an Bord Stiúrtha go nglacfaidh na scairshealbhóirí leis na rialacha nua atá foilsithe ag an Bhord Stiúrtha mar bhunreacht le haghaidh Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta, go dtreoróidh na scairshealbhóirí don Bhord Stiúrtha na rialacha chéad-chláraithe reatha a chur ar ceal tríd na rialacha nua a chlárú go reachtúil d'éir forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, le teacht i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2017."

Is féidir cóip de na rialacha nua a fháil ar iarratas chuig bainisteoir@raidionalife.ie

B. Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2016

- Miontuairiscí** – Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2015
 - Cruinniú Ginearálta Speisialta - teideal an Chomharchumainn
 - Cruinniú Ginearálta Speisialta - córam dlíneach ag cruinnithe ginearálta
 - ✚ Cruinnithe tionóla 12 Iúil 2016, ar athló ó 28 Meitheamh 2016 ceal córaim.
- Raitis Airgeadais** – Cúntais Iniúchta 2016 - cóip le fáil ar iarratas chuig bainisteoir@raidionalife.ie
- Iniúchóir a cheapadh** – Molann an Bord Stiúrtha go n-athcheapfar Dáithí Ó Maolchoille
- Bord Stiúrtha a cheapadh** –
 - Baill Reatha**

Faoi réir Riail 11(c) de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, éireoidh an tríú chuid den bhord as gach bliain agus, más rogha leo sin, tá siad iontofa athuair gan réamhainmniúchán: Susan Ní Dhubhlaíoch; Sinéad Ní Uallacháin; Siún Ní Dhuinn (ag seasamh athuair).
 - Ainmniúcháin don Bhord Stiúrtha**

Faoi réir Riail 11(c) de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, ní mór gach ainmniúchán nua (de bhall atá cláraithe sa Chomharchumann faoi láthair) bheith seolta chuig an Rúnaí ar a dhéanaí trí (3) lá glan roimh dháta an chruinnithe, mar leanas:

 - ainmniúchán i scríbhinn ar fhoirm uimhir 7 - le fáil ar iarratas chuig runai.boird@raidionalife.ie
 - an fhoirm bheith sínithe ag bert (2) scairshealbhóir eile
 - le ráiteas ann ón ainmní ag léiriú toilteanais a bheith tofa.
- Aon ghnó eile** - atá ábharach don Chruinniú Ginearálta Bliantúil, faoi réir Riail 12(f)(vi) de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014.

✚ Faoi réir Riail 5 de na rialacha, agus forálacha na nAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2014, is féidir le heagras, cuideachta agus / nó comharchumann atá cláraithe mar scairshealbhóir le Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta aon toscaire amháin (1) le lánchead vótála ar a son a ainmniú ar fhoirm uimhir 6 - le fáil ar iarratas chuig runai.boird@raidionalife.ie